Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Márta 2022**
**(OR. en)**

**7430/22**

**CORDROGUE 24**
**SAN 170**
**ENFOPOL 147**
**DROIPEN 37**
**JAI 378**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 1552 final |
| Ábhar: | TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN COIMISIÚN an 18.3.2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle maidir le substaintí sícighníomhacha nua a áireamh sa sainmhíniú ar 'dhruga' |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 1552 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 1552 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.3.2022
C(2022) 1552 final

**TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 18.3.2022**

**lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle maidir le substaintí sícighníomhacha nua a áireamh sa sainmhíniú ar 'dhruga'**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí ar dhrugaí[1] agus le Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 maidir leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí[2], déantar foráil maidir le nós imeachta ina bhfuil trí chéim a d'fhéadfaí substaint shícighníomhach nua a áireamh sa sainmhíniú ar 'dhruga' teacht as agus, ar an gcaoi sin, í a chumhdach le forálacha dhlí coiriúil an Aontais i ndáil le gáinneáil aindleathach ar dhrugaí.

An 18 Deireadh Fómhair 2021, eisíodh dhá thuarascáil tosaigh ón Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA) a tarraingíodh suas i gcomhréir le hAirteagal 5b de Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006. An 27 Deireadh Fómhair 2021, i gcomhréir le hAirteagal 5c (1) de Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006, d'iarr an Coimisiún Eorpach measúnaithe ar na rioscaí a bhaineann leis na substaintí sícighníomhacha nua a leanas: 2-(meitiolaimín)-1-(3-meitilfeinil)própán-1-a haon (3-meitilmheiteacáitíonón, 3-MMC agus 1(3-clóraifeinil)-2-meitiolaimín(própán-1-a haon (clórameiteacáitíonón, 3-CMC).

Rinne Coiste Eolaíoch Sínithe EMCDDA measúnú ar na rioscaí a bhaineann le 3-MMC agus 3-CMC agus é ag gníomhú i gcomhréir le forálacha Airteagal 5c de Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006. Cuireadh na tuarascálacha measúnaithe riosca faoi bhráid an Choimisiúin agus faoi bhráid na mBallstát an Déardaoin 25 Samhain 2021 i gcomhréir leis an spriocdháta a leagtar amach in Airteagal 5c(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006.

Is iad seo a leanas príomhthorthaí na measúnuithe riosca:

- Is cáitíonón sintéiseach é 3-MMC a bhfuil éifeachtaí sícispreagthacha aige. Is díorthach den cháitíonón é, agus tá dlúthbhaint aige le héifeachtaí sícéimeacha atá cosúil le meiteacáitíonón, (eifeadrón) agus le meifeadrón (4-meitilmheiteacáitíonón; 4-MMC). Is faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971 a rialaítear meiteacháitíonón agus meifeadrón.
- Tá fáil ar 3-MMC san Aontas Eorpach ó bhí 2012 ann ar a laghad agus braitheadh é in 23 Bhallstát. Tá cúig Bhallstát tar éis 27 mbás san iomlán a thuairisciú mar aon le nochtadh deimhnithe den 3-MMC. Tá ceithre cinn déag de dhroch-chásanna nimhe neamh-mharfacha tuairiscithe freisin ag ceithre Bhallstát lenar bhain teagmháil dheimhnithe le 3-MMC.
- Is cáitíonón sintéiseach é 3-CMC a bhfuil éifeachtaí sícispreagthacha aige. Is díorthach é den cháitíonón a bhfuil dlúthbhaint aige le héifeachtaí síceastaitéiteacha atá cosúil le meiteacáitíonón agus 4-clórameiteacáitíonón (4-CMC; cleifeadrón). Tá cáitíonón, meiteacháitíonón, agus 4-CMC á rialú faoi Choinbhinsiún 1971 na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha.
- Tá fáil ar 3-CMC san Aontas Eorpach ó bhí 2014 ann ar a laghad agus braitheadh é in 23 Bhallstát. Thuairiscigh dhá Bhallstát 10 mbás san iomlán mar aon le nochtadh deimhnithe den 3-CMC. Tá tuairisciú déanta freisin ag Ballstát amháin de dhroch-chás nimhe neamh-mharfach amháin lenar bhain teagmháil dheimhnithe le 3-CMC.

---

[1] IO L 335, 11.11.2004, lch. 8.
[2] IO L 376, 27.12.2006, lch. 1.

- Tugann faisnéis ó urghabhálacha forfheidhmithe dlí a rinneadh in 2020 agus 2021 le fios go bhfuil méadú tagtha le déanaí ar infhaighteacht 3-MMC agus 3-CMC araon laistigh den Aontas agus gur féidir go bhfuil siad suntasach.

De bhun Airteagal 1a de Chinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 8a lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Réime sin, gan moill mhíchuí agus i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo, d'fhonn na substaintí sícighníomhacha nua a chur léi agus, ar an gcaoi sin, iad a áireamh sa sainmhíniú ar 'dhruga'. Más rud é, laistigh de shé seachtaine ó cuireadh isteach tuarascáil measúnaithe riosca, go measann an Coimisiún nach gá gníomh tarmligthe a ghlacadh chun an tsubstaint shícighníomhach nua áireamh sa sainmhíniú ar 'dhruga', cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid na Comhairle agus faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa ina míneofar na cúiseanna atá leis sin.

Ar bhonn na dtorthaí ó na tuarascálacha measúnaithe riosca, measann an Coimisiún go bhfuil forais ann chun 3-MMC agus 3-CMC a áireamh sa sainmhíniú ar 'dhruga'. Is féidir a bhaint de thátal as na tuarascálacha measúnaithe riosca go bhfuil rioscaí tromchúiseacha don tsláinte phoiblí ar leibhéal an Aontais ag gabháil le 3-MMC agus 3-CMC.

Dá bhrí sin, is é is cuspóir don dréachtghníomh tarmligthe seo Treoir Tharmligthe a ghlacadh chun 3-MMC agus 3-CMC a chur leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle, agus ar an gcaoi sin iad a chumhdach le forálacha maidir leis na cionta coiriúla agus na smachtbhannaí mar a shainítear sa Chinneadh Réime.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le mír 4 den Chomhthuiscint idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le Gníomhartha Tarmligthe atá i gceangal leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le reachtóireacht níos fearr an 19 Aibreán 2016[3], rinneadh comhairliúcháin iomchuí thrédhearcacha, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus an gníomh tarmligthe seo á ullmhú.

Chuathas i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe um Shubstaintí Sícighníomhacha Nua i scríbhinn idir an 04 agus an 19 Eanáir 2022.

Ós rud é go bhfuil an cinneadh maidir le 3-MMC agus 3-CMC a áireamh sa sainmhíniú ar 'druga' bunaithe ar thuarascálacha measúnaithe riosca Choiste Eolaíoch EMCDDA, is gníomh teicniúil é na substaintí a chur isteach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Réime agus dá bhrí sin tá rogha theoranta ag an gCoimisiún, níor foilsíodh an dréachtghníomh tarmligthe chun aiseolas a fháil ón bpobal.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 1a de Chinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle, déantar foráil maidir le gníomh tarmligthe chun substaintí a chur leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Réime 2004/757/CGB. Déantar rialú ar fheidhmiú an tarmligin le hAirteagal 8a de Chinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle.

[3] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

**TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 18.3.2022**

**lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle maidir le substaintí sícighníomhacha nua a áireamh sa sainmhíniú ar 'dhruga'**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus maidir le pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí ar dhrugaí[1], agus go háirithe Airteagail 1a agus 8a de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 5c de Rialachán (CE) 1920/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], is é an Coiste Eolaíoch an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA a rinne na tuarascálacha measúnaithe riosca ar na substaintí sícighníomhacha nua a tharraingt suas, is é sin 2-(meitiolaimín)-1-(3-meitilfeinil)própán-1-a haon (3-meitilmheiteacáitíonón, 3-MMC) agus 1-(3-clóraifeinil)-2-(meitiolaimín)própán-1-a haon (3-clórameiteacáitíonón, 3-CMC); An Lárionad), agus síneadh curtha leis de réir an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 5c(4) den Rialachán céanna, an 18 agus an 19 Samhain 2021. Chuir an Lárionad na tuarascálacha measúnaithe riosca faoi bhráid an Choimisiúin agus na mBallstát an 25 Samhain 2021.

(2) Is cáitíonóin shintéiseacha iad 3-MMC agus 3-CMC a bhfuil éifeachtaí sícispreagthacha acu. Is díorthaigh iad den cháitíónón , agus tá dlúthbhaint acu le héifeachtaí síceatrómacha atá cosúil le meiteacáitíonón (eifeadrón) agus meifeadrón (4-meitilmheiteacáitíonón), agus is díorthaigh iad a roinneann éifeachtaí den sórt sin; le 4-MMC), sin agus le meiteacáitíonón agus le 4-clórameiteacáitíonón (4-CMC faoi seach; cleifeadrón). Is faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971 a rialaítear cáitíonón, meiteacáitíonón, meifeadrón, agus 4-CMC.

(3) Tá fáil ar 3-MMC san Aontas Eorpach ó bhí 2012 ann ar a laghad agus braitheadh é in 23 Bhallstát. Tar éis laghdú ar urghabhálacha san Eoraip idir 2016 agus 2018, dealraíonn sé go raibh 3-MMC ann arís le tuairim agus 740 cileagram de i bhfoirm púdair a urghabhadh in 2020 agus le hallmhairiú, dáileadh agus úsáid leanúnach in 2021, lena n-áirítear urghabháil mórscála amháin de phúdar os cionn 120 cileagram púdair ag teorainn sheachtrach an Aontais.

(4) Taispeánann an fhaisnéis a sholáthraítear ó urghabhálacha agus ó shamplaí bailithe go mbíonn 3-MMC ar fáil mar phúdar ar an margadh drugaí. Tá foirmeacha fisiceacha eile, ar nós táibléad agus capsúl, tuairiscithe freisin, ach is méid i bhfad níos lú atá i

[1] IO L 335, 11.11.2004, lch. 8.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (IO L 376, 27.12.2006, lch. 1).

gceist. Ó am go chéile tuairiscíodh leachtanna, ábhar luibhe agus súiteáin ina bhfuil 3-MMC freisin.

(5) Tá cúig Bhallstát tar éis 27 mbás san iomlán a thuairisciú lenar bhain teagmháil dheimhnithe le 3-MMC. Tá ceithre cinn déag de dhroch-chásanna nimhe neamh-mharfacha tuairiscithe freisin ag ceithre Bhallstát mar gheall ar theagmháil dheimhnithe le 3-MMC.

(6) Tá fáil ar 3-CMC san Aontas Eorpach ó bhí 2014 ann ar a laghad agus braitheadh é in 23 Bhallstát. Le linn 2020 agus 2021, urghabhadh tuairim is 2500 cileagram de 3-CMC i bhfoirm púdair, rud arb ionann é agus os cionn 90 % de chainníocht iomlán na bpúdar 3-CMC a urghabhadh ó tosaíodh ar fhaireachán na substainte san Eoraip.

(7) Taispeánann an fhaisnéis ó urghabhálacha agus ó shamplaí bailithe go mbíonn 3-CMC ar fáil ar an margadh drugaí ina phúdar. Tá foirmeacha fisiceacha eile, ar nós táibléad agus capsúl, tuairiscithe freisin, ach is méid i bhfad níos lú atá i gceist. Ó am go chéile tuairiscíodh leachtanna, ábhar luibhe agus súiteáin ina bhfuil 3-CMC.

(8) Thuairiscigh dhá Bhallstát 10 mbás san iomlán lenar bhain teagmháil dheimhnithe le 3-CMC. Tá tuairisciú déanta freisin ag Ballstát amháin ar dhroch-chás nimhe neamh-mharfach amháin lenar bhain teagmháil dheimhnithe le 3-CMC.

(9) Tugann an fhaisnéis atá ar fáil le tuiscint, cé go ndéantar 3-MMC agus 3-CMC a dhíol agus a lorg tar éis dóibh a bheith ina ndrugaí spreagthacha astu féin, go ndealraíonn sé a bheag nó a mhór go bhfuil na substaintí sin á monarú, á n-allmhairiú, á ndáileadh, á ndíol agus á n-úsáid in ionad spreagthaí rialaithe, lena n-áirítear amfataimín, cócaon, agus MDMA. Ina theannta sin, is féidir go mbíonn sé á dhíol go mí-ionraic freisin faoi ainm drugaí eile.

(10) Níl ann ach beagán fianaise a léiríonn baint idir an choireacht eagraithe agus an monarú, an gháinneáil, agus an dáileadh 3-MMC agus 3-CMC laistigh den Aontas. Tá faisnéis ann, áfach, go bhfuiltear ag déanamh gníomhartha coiriúla a bhaineann leis an dá shubstaint, gáinneáil, táirgeadh aindleathach, agus cionta soláthair, cuir i gcás.

(11) Tugtar le fios san fhaisnéis atá ar fáil gur cuideachtaí ceimiceacha lasmuigh den Aontas a mhonaraíonn 3-MMC agus 3-CMC agus go n-allmhairíonn siad iad ar scála tionsclaíoch. Ina theannta sin, tugann faisnéis theoranta le fios gur i saotharlanna aindleathacha san Eoraip a rinneadh cuid den táirgeadh.

(12) Níl aon úsáid mhíochaine don duine ná don tréidlia 3-MMC ná 3-CMC atá aitheanta san Aontas, ná in áiteanna eile is cosúil. Níl aon fhianaise ann go bhféadfaí na substaintí a úsáid chun aon chríoch eile seachas mar chaighdeán tagartha anailíseach agus i dtaighde eolaíoch.

(13) Is dócha go mbeidh na rioscaí sláinte agus sóisialta a bhaineann le 3-MMC agus 3-CMC ar aon dul le cuid de na rioscaí a bhaineann le cáitíonóin agus sícispreagthaigh shintéiseacha eile atá faoi rialú idirnáisiúnta agus a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile. Is leor an fhianaise agus an fhaisnéis atá ar fáil i leith na rioscaí sláinte agus sóisialta a bhaineann leis na substaintí chun 3-MMC agus 3-CMC a áireamh sa sainmhíniú ar 'druga'. Mar sin féin, léiríonn na tuarascálacha measúnaithe riosca go bhféadfaí freagra a thabhairt ar go leor de na ceisteanna a bhaineann le 3-MMC agus 3-CMC freisin, ceisteanna atá ann mar gheall ar an easpa sonraí faoin riosca do shláinte an duine aonair, faoin riosca do shláinte an phobail agus faoi rioscaí sóisialta, ach tuilleadh taighde a dhéanamh.

(14) Maidir le 3-MMC agus 3-CMC, ní substaintí iad atá liostaithe le rialú faoi Choinbhinsiún Aonair na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha, 1961, arna leasú le Prótacal 1972, ná faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha, 1971. Níl measúnú déanta go fóill ar 3-CMC faoi chóras na Náisiún Aontaithe, agus rinne Coiste Saineolaithe EDS ar an Spleáchas ar Dhrugaí athbhreithniú criticiúil neamhchonclúideach ar 3-MMC i mí na Samhna 2016. Ní raibh an Coiste ar aon tuairim le chéile, agus dá réir sin cuireadh an tuairim ar athló, agus d'iarr sé ar an Rúnaíocht athbhreithniú criticiúil eile ar 3-MMC a shocrú ag cruinniú den Choiste Saineolaithe ina dhiaidh sin. Níl athbhreithniú eile ar 3-MMC déanta ag an gCoiste Saineolaithe ar an Spleáchas ar Dhrugaí go fóill. Ó rinneadh an t-athbhreithniú criticiúil sin in 2016, tá faisnéis nua shuntasach tuairiscithe ag na Ballstáit a thugann le fios go bhféadfadh bagairtí sláinte agus sóisialta ar leibhéal an Aontais a bheith ann de thoradh ar 3-MMC agus, dá bhrí sin, is gá í a chur leis an sainmhíniú ar 'druga' i ndlí an Aontais.

(15) Tugann faisnéis ó urghabhálacha forfheidhmithe dlí a rinneadh in 2020 agus 2021 le fios go bhfuil méadú tagtha le déanaí ar infhaighteacht 3-MMC agus 3-CMC araon laistigh den Aontas agus gur féidir go bhfuil siad suntasach. Is éard atá le tuiscint san fhaisnéis atá ar fáil go ndéanfaí dochar don tsláinte dá gcaithfeadh duine 3-MMC nó 3-CMC, mar gheall ar an tocsaineacht mhór atá iontu agus, i gcás 3-MMC, mar gheall ar na rioscaí go mbainfí mí-úsáid astu nó go bhféadfaidís spleáchas a chothú. I ngeall ar easpa staidéar, tá neamhchinnteacht ann maidir le spleáchas féideartha agus le mí-úsáid ab dliteanais atá le 3-CMC. Maidir leis an dochar don tsláinte atá i gceist, meastar gur bagairt do bheatha an duine é, arae d'fhéadfadh sé bás a thabhairt do dhuine, nó gortú a mharaithe a chur air, nó galar a chloíte, maille le héagumas mór fisiceach nó meabhrach, nó leathadh a chur ar ghalar, lena n-áirítear víreas a iompraítear san fhuil, heipitíteas C agus VEID, mar shampla. Is éifeachtaí iad sin atá inchomparáide le cáitíonóin shintéiseacha agus sícispreagthaigh eile a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile faoin rialú idirnáisiúnta, cé gur rud é sin a dteastaíonn tuilleadh staidéir ina leith.

(16) Tá le tuiscint ón bhfaisnéis atá ar fáil freisin go bhféadfadh rioscaí sóisialta a bheith ann de thoradh ar thomhaltas 3-MMC agus 3-CMC agus go bhféadfadh imeallú agus leochaileacht mhéadaithe a bheith ann de thoradh air sin. Thairis sin, d'fhéadfadh riosca níos leithne don tsábháilteacht phoiblí a bheith ann, go háirithe i gcás tiomáint faoi thionchar na substaintí sin.

(17) Déanann 15 Bhallstát 3-MMC a rialú faoina reachtaíocht náisiúnta féin maidir le rialú drugaí, agus déanann sé Bhallstát é a rialú faoi reachtaíocht nua maidir le substaintí sícighníomhacha agus déanann Ballstáit amháin eile rialú air faoi reachtaíocht eile. Déanann 13 Bhallstát 3-CMC a rialú faoina reachtaíocht náisiúnta féin maidir le rialú drugaí, agus déanann seacht mBallstát é a rialú faoi reachtaíocht nua maidir le substaintí sícighníomhacha agus déanann Ballstáit amháin eile rialú air faoi reachtaíocht eile. Ós rud é go bhfuil na bearta rialaithe náisiúnta sin i bhfeidhm cheana, 3-MMC agus 3-CMC a áireamh sa sainmhíniú ar 'dhruga' agus ar an gcaoi sin iad a cumhdach le forálacha i ndáil leis na cionta coiriúla agus na smachtbhannaí a shainmhínítear i gCinneadh Réime 2004/757, is rud é a chuideodh le teacht chun cinn bacainní i bhforfheidhmiú an dlí trasteorann agus sa chomhar breithiúnach a sheachaint, agus chuideodh sé freisin le cosaint ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint lena n-infhaighteacht agus lena n-úsáid.

(18) Le hAirteagal 1a de Chinneadh Réime 2004/757/CGB, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh d'fhonn freagairt thapa, a bheadh

bunaithe ar shaineolas a thabhairt ar leibhéal an Aontais do theacht chun cinn substaintí sícighníomhacha nua arna mbrath agus arna dtuairisciú ag na Ballstáit, tríd an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Réime sin a leasú chun na substaintí sin a áireamh sa sainmhíniú ar 'druga'.

(19) Ós rud é gur comhlíonadh na coinníollacha agus an nós imeachta maidir le cur i ngníomh fheidhmiú na gcumhachtaí chun gníomh tarmligthe a ghlacadh, ba cheart treoir tharmligthe a ghlacadh chun 3-MMC agus 3-CMC a chur san áireamh san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Réime 2004/757/JHA.

(20) Tá Éire faoi cheangal ag Cinneadh Réime 2004/757/JHA, arna leasú le Treoir (AE) 2017/2103[3], agus dá bhrí sin tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na Treorach seo.

(21) Tá an Danmhairg faoi cheangal ag Cinneadh Réime 2004/757/CGB, de réir mar is infheidhme go dtí an 21 Samhain 2018, ach níl sí faoi cheangal ag Treoir (AE) 2017/2103. Dá bhrí sin, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh nó i gcur i bhfeidhm na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

(22) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin[4], ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, doiciméid ina mínítear an gaol idir codanna de threoir agus na páirteanna comhfhreagracha d'ionstraimí náisiúnta trasuite.

(23) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Réime 2004/757/CGB a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Chinneadh Réime 2004/757/CGB**

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Réime 2004/757/JHA, cuirtear isteach na pointí 20 agus 21 a leanas:

'20. 2-(meitiolaimín)-1-(3-meitilfeinil)própán-1-a haon (3-MMC)*.

21. 1-(3-clóraifeinil)-2-(meitiolaimín)própán-1-a haon (3-CMC) *.

Treoir Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún an .../ ... lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Réime 2004/757/JHA ón gComhairle maidir le substaintí sícighníomhacha nua a áireamh sa sainmhíniú ar 'druga' (IO L xxx, xx.xx.2022, lch. xx);'

*Airteagal 2* **Trasuí**

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin [6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

---

3 Treoir (AE) 2017/2103 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leasaítear Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle chun substaintí sícighníomhacha nua a áireamh sa sainmhíniú ar "dhruga" agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2005/387/CGB ón gComhairle (IO L 305, 21.11.2017, lch. 12).

4 IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18.3.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*